Úsáid TFC
Gnéithe Inmhianaithe

DRC 3T

Leibhéal 1

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Amharc ar réimse de léiriúcháin dearadh táirge (mar shampla líníochtaí DRC agus íomhánna ar líne) atá curtha ar fáil ag an mhúinteoir agus bheith páirteach i bplé faoi threoir an mhúinteora ar dhearadh táirgí. Bunghnéithe a fhiosrú sna bogearraí DRC 3T. (Fiosrú)
- Cruth bunúsach dá gcuid féin a chruthú le cuidiú an mhúinteora. (Cur in iúl)
- Fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh. (Malartú)
- Labhairt faoina ndearadh, faoi threoir an mhúinteora. (Luacháil)
- A gcuid oibre a phriontáil nó a thaispeáint le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 2

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Smaointe a roghnú le húsáid ina saothar féin, as stór íomhánna de dhearaí táirge a chuireann an múinteoir ar fáil. Sraith treoracha a leanúint agus bogearraí DRC 3T in úsáid acu. *B'fhéidir go mbeadh cruthanna a dhéanamh agus dathanna a chur leo i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- A gcruth bunúsach féin a chruthú le cuidiú an mhúinteora. (Cur in iúl)
- An dóigh le modhanna éagsúla digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh a shainaithint agus labhairt fúthu. (Malartú)
- Labhairt faoin dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú, le leideanna ón mhúinteoir. (Luacháil)
- A gcuid oibre a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú an mhúinteora. (Taispeáint)

Leibhéal 3

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar shamplaí atá ann cheana féin de dhearaí táirge a rinneadh le bogearraí DRC 3T agus príomhghnéithe an dearaidh a shainaithint. Sraith treoracha a leanúint agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu agus bogearraí DRC 3T in úsáid acu. *B'fhéidir go mbeadh cruthanna a dhéanamh agus a shainmhíniú agus a easbhrú i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Táirge simplí nó comhpháirt de tháirge a chruthú. *B'fhéidir go mbeadh úsáid datha, feasacht ar scála srl. i gceist leis seo.* (Cur in iúl)
- Modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go mbeadh ríomhphost a chur nó postáil a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar shnáithe plé i gceist leis seo. B'fhéidir go gcuirfí an ríomhphost nó an phostáil chuig múinteoir.* (Malartú)

- Roinnt mionathraithe a dhéanamh lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh toise a athrú nó crutha a mhodhnú i gceist leis seo.* (Luacháil)
- Comhadainm a úsáid lena gcuid oibre a shábháil agus/nó í a thaispeáint don rang nó don ghrúpa le cuidiú ón mhúinteoir. (Taispeáint)

Leibhéal 4

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh agus samplaí a roghnú as réimse foinsí le dearaí táirge a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, agus feasacht ar lucht éisteachta agus cuspóir a léiriú. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb atá leagtha amach i mionteagasc an taisc, trí thriail a bhaint as gnéithe éagsúla bogearraí sula ndéantar cinneadh ar an cheann is fearr le húsáid. *B'fhéidir go mbeadh rindreáil nó soilsiú i gceist leis seo.* (Fiosrú)
- Comhpháirt nó táirge a chruthú a léiríonn feasacht ar an lucht féachana agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh feasacht a léiriú ar scála agus dath agus rindreáil a chur isteach i gceist leis seo. B'fhéidir go mbeadh uirlis amháin a úsáid i gceist, amhail easbhrú, agus uirlisí rindreála cuí a úsáid amhail líonadh grádáin, scáthú nó uigeacht, leis an dearadh a fheabhsú don lucht féachana agus don chuspóir. B'fhéidir go mbeadh roinnt toisí agus nótaí faoi fheidhm an táirge agus aidhm na léaráide i gceist leis seo.* (Cur in iúl)
- Modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir. *B'fhéidir go mbeadh ríomhphost a chur le ceangaltán nó roinnt postálacha ábhartha a dhéanamh ar vicí, ar bhlag nó ar fhóram díospóireachta i gceist leis seo.* (Malartú)
- Uirlisí agus gnéithe cuí a TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú. *B'fhéidir go mbeadh triail a bhaint as cuir chuige éagsúla roimh an mhodh is éifeachtaí a roghnú i gceist leis seo.* (Luacháil)
- An dearadh táirge a shábháil i bhfillteán ainmnithe nó i ríomhphunann ranga. (Taispeáint)

Leibhéal 5

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh agus samplaí níos ábhartha a roghnú as réimse foinsí le dearaí táirge a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, agus an spriocghrúpa agus an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc a chur san áireamh. *B'fhéidir go mbeadh anailís táirgí nó luacháil i gceist leis seo. Imscrúdú a dhéanamh ar an fhadhb atá leagtha amach i mionteagasc an taisc agus í a réiteach trí bhogearraí DRC 3T cuí a roghnú le réimse d'uirlisí agus de ghnéithe bogearraí a úsáid. B'fhéidir go mbeadh turgnaimh a dhéanamh le réitigh mholta i gceist leis seo agus b'fhéidir go mbeadh sonraí ábhartha amhail méid, ábhar, feidhmeanna agus comhpháirteanna san áireamh ann.* (Fiosrú)

- Líníocht DRC feidhmiúil a chruthú ina bhfuil réimse gnéithe measctha inti le tuiscint shoiléir a léiriú ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh réimse de ghnéithe agus uirlisí bogearraí a úsáid i gceist leis seo, amhail easbhrúigh, filléadaigh, seaimféaráil agus cabhair, mar aon le líníochtaí lán-anótáilte ina n-úsáidtear toisí agus téacs, agus a léiríonn tuiscint shoiléir ar spriocghrúpa agus ar chuspóir.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid agus le malartú a dhéanamh agus lena gcuid oibre a roinnt agus iad ag comhoibriú ar líne lena bpiaraí. *B'fhéidir go mbeadh obair ar líne le dearadh a chruthú i gceist leis seo, nó plé, díospóireacht agus/nó idirbheartaíocht ar líne maidir le cé acu gnéithe le cur isteach ina ndearadh.* (Malartú)
- An timthriall 'pleanáil, déanamh agus athbhreithniú' a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. *B'fhéidir go mbeadh dearadh, dréachtú agus beachtú a dhéanamh ar a gcuid oibre i gceist leis seo, ionas go mbeadh sí ábhartha don spriocghrúpa agus don chuspóir atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc. B'fhéidir go mbeadh iarraidh ar phiaraí aiseolas a thabhairt ar a ndearadh i gceist leis seo.* (Luacháil)
- An dearadh táirge a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 6

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde agus imscrúdú a dhéanamh ar dhearaí agus réitigh táirge níos ábhartha agus atá ann cheana féin as réimse d'fhoinsí digiteacha, agus cosaint a dhéanamh ar a bhfoinsí agus tagairt a dhéanamh dóibh maidir leis an spriocghrúpa agus an chuspóir ar leith atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc a chosaint. Triail a bhaint as réimse níos leithne d'uirlisí agus de ghnéithe bunúsacha a fhiosrú sa bhogearraí DRC 3T. *B'fhéidir go mbeadh anailís nó luacháil mhionchruinn táirge i gceist leis seo, atá ábhartha do na riachtanais atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc agus roinnt trialacha a dhéanamh le haeistéitic le dearadh d'ardchaighdeán táirgí agus ionramháil ar shamhaltáin sholadacha.* (Fiosrú)
- Riachtanais an úsáideora a shainaithint agus dearadh táirge a phleanáil agus a fhorbairt a bhfuil réimse de ghnéithe níos sofaisticiúla i gceist leis agus a bhfuil cosúlacht agus mothú comhleanúnach aige. *B'fhéidir go mbeadh cóimeáil de chomhpháirteanna i gceist a gcaithfear iad a chur le chéile ó líníochtaí éagsúla. B'fhéidir go mbeadh líníocht oibre ortagrafach atá anótáilte i gceist, agus machnamh a dhéanamh ar thoisí agus ar scála.* (Cur in iúl)
- Réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, lena gcuid faisnéise agus a gcuid táirgí ilmheáin a mhalartú agus a roinnt, ag comhoibriú lena bpiaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deireadh ar líne. *B'fhéidir go mbeadh comhoibriú ar an dearadh le piaraí i gceist leis seo, mar shampla é a roinnt i bhfóram díospóireachta agus ligean do rannpháirtithe gnéithe comhoibríocha de na bogearraí a úsáid, amhail athruithe a rianú nó leaganú uathoibrithe comhad, le tráchtanna agus cosaintí cáilíochta a chur go díreach isteach san fhoilseachán.* (Malartú)

- Cosaint a dhéanamh ar an fheidhm a roghnaigh siad leis an tasc DRC a chomhlánú, na roghanna malairtí ar smaoinigh siad orthu agus an próiseas a rinne siad agus an dearadh á tháirgeadh. An dóigh a gcomhlíonann an táirge acu riachtanais an spriocghrúpa agus an chuspóra ar leith a chosaint. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo an próiseas forbartha a shainaithint agus cur síos a dhéanamh air, agus na heochairphointí a shainaithint mar a ndearna siad breithiúnais fiúntais a chuir feabhas ar an leagan deiridh den dearadh.* (Luacháil)
- A gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim dhigiteach trasna an churaclaim. (Taispeáint)

Leibhéal 7

De ghnáth, ba cheart go léireodh daltaí fianaise go bhfuil siad ábalta:

- Taighde a dhéanamh ar na sócmhainní is ábhartha as réimse d'fhoinsí digiteacha, idir rudaí a aimsíodh agus a cruthaíodh, agus iad a roghnú, agus idirdhealú á dhéanamh eatarthu maidir le hábharthacht, le hiontaofacht agus le cruinneas, agus a gcuid foinsí a chosaint agus tagairt a dhéanamh dóibh. An pacáiste bogearraí agus na gnéithe is cuí le húsáid le freastal ar riachtanais an úsáideora deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc a roghnú agus a chosaint. *B'fhéidir go gcuimseodh sé seo taighde a dhéanamh ar dhearaí agus ar shócmhainní eile agus iad a roghnú agus réimse dearaí a thriail go córasach, sula ndéantar cinneadh ar an cheann is cuí le freastal ar ionchais an spriocghrúpa, ag úsáid timthriall forbartha lena bhfréamhshamhail táirge a thástáil agus a choigeartú go rialta agus cosaint a thabhairt ar roghanna agus ar chinntí bunaithe ar a n-intinní tosaigh, ar ghrúpdhíospóireachtaí agus ar aiseolais ó úsáideoirí deiridh.* (Fiosrú)
- Riachtanais úsáideora atá sainmhínithe go soiléir a leagan amach agus dearadh táirge úrnua sofaisticiúil a phleanáil agus a chruthú ag úsáid réimse ard-ghnéithe DRC 3T ar dhóigh thuisceanach le freastal ar ionchas an chliaint nó an spriocghrúpa atá sainmhínithe. *Líníochtaí oibre cruinn, d'ardchaighdeán atá anótáilte a tháirgeadh, ag baint úsáid as caighdeáin aitheanta ortagrafaíochta ina gcuirtear san áireamh mionsonraí cuí amhail amhairc ghearrtha, mionsonraí folaithe nó buaicphointí gnéitheacha. B'fhéidir go mbeadh comhaid ilpháirtí a chumasc le cóimeáil de chomhpháirteanna a tháirgeadh a fhoirmíonn an táirgeadh críochnaithe.* (Cur in iúl)
- Tairbhe a bhaint as modhanna cumarsáide comhaimseartha lena smaointe forbartha agus a bhfaisnéis a mhalartú, a roinnt agus comhoibriú a dhéanamh orthu le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh, ag cur le timpeallacht dhomhanda chomhoibríoch. *B'fhéidir go mbeadh an dearadh a uaslódáil chuig blag i gceist anseo le haiseolas a bhailiú ó phiaraí, ó saineolaithe nó ó húsáideoirí deiridh, agus gníomhú dá réir ar dhóigh thuisceanach le cáilíocht agus le hoiriúnacht an táirge nó na faisnéise bailithe a fheabhsú d'úsáideoir deiridh atá sainmhínithe i mionteagasc an taisc.* (Malartú)
- Riachtanais an úsáideora deiridh agus cuspóir an taisc a shainaithint ag an tús, le tuiscint atá ag méadú, agus athbhreithniú a dhéanamh go córasach ar an dearadh deiridh i gcoinne na riachtanas ag deireadh an phróisis, agus a shainaithint go soiléir cé acu a comhlíonadh agus cé acu nár comhlíonadh. *B'fhéidir go mbeadh aiseolas a chruinniú ó úsáideoirí deiridh agus beachtú breise a dhéanamh nó moltaí a leagan amach le feabhas a dhéanamh i gceist leis seo.* (Luacháil)

- Stór digiteach d'obair atá struchtúraithe go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair, le sárthaispeántas a dhéanamh den fhoghlaim trasna an churaclaim, agus formáid, iniomparthacht, méid, cóipcheart agus leaganú a chur san áireamh. *B'fhéidir go mbeadh comhaid a chúltacú chuig áit mhalartach, leaganacha iolracha a bhainistiú agus formáidí agus taifigh chuí a roghnú i gceist leis seo.* (Taispeáint)

Ba chóir go léireodh daltaí, san am agus san áit is cuí, eolas agus tuiscint ar ríomhshábháilteacht, ar a n-áirítear iompraíocht atá inghlactha ar líne.